C/2024/1563

5.3.2024

Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — CESE ag tacú le haontachas na Rómáine agus na Bulgáire le limistéar Schengen

(C/2024/1563)

Bunús dlí	Riail 50 de na Rialacha Nós Imeachta
Dáta a ghlactha sa seisiún iomlánach	14.12.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	583
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	183/3/3

Glao chun an Rómáin agus an Bhulgáir a ligean isteach i limistéar Schengen

Seo thíos seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i leith aontachas na Rómáine agus na Bulgáire le limistéar Schengen:

— Athdhearbhaíonn sé an seasamh atá aige, seasamh a dtacaíonn an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa leis, is é sin go gcomhlíonann an dá Bhallstát na coinníollacha ar fad chun dul isteach i limistéar Schengen. Is é a bharúil gur den riachtanas é go dtabharfaí na foirmiúlachtaí a bhaineann leis an aontachas chun críche gan mhoill;

— Tugann sé dá aire gur cosúil go bhfuil roinnt dul chun cinn á dhéanamh ar aontachas féideartha an dá Bhallstát le limistéar Schengen, agus an chéad chéim den phróiseas ar bun faoi láthair i réimse an aeriompair. Molann sé d'Uachtaránacht na Spáinne, don Chomhairle agus do na Ballstáit cruinniú urghnách den Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile a eagrú d'fhonn aontú a ghlacadh ina leith sin faoi dheireadh 2023;

— Measann CESE, dá mbeadh coinníollacha breise le comhlíonadh ag an dá Bhallstát chun teacht isteach i limistéar Schengen, coinníollacha a rachadh thar a leagtar amach sna conarthaí agus sna rialacháin atá ann cheana, go mbeadh an baol ann go gcruthófaí mearbhall i réimsí sonracha amhail an tsaorghluaiseacht agus an imirce neamhrialta. Ar a mhuin sin, ba chasta cinntí polaitiúla a dhéanamh/a ghlacadh agus chuirfí isteach go mór ar fheidhmiú cuí an Aontais i gcomhréir lena bhunluachanna agus le prionsabail an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine.

Bhí an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i bhfách riamh le leathnú limistéar Schengen. Mhol sé do na hinstitiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit creat dlithiúil agus polaitiúil a chur ar fáil maidir le rannpháirtíocht na mBallstát agus na Stát CSTE ar fad a mhéid is féidir chun saorghluaiseacht iomlán daoine agus earraí a áirithiú i gcomhréir le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh.

An Bhruiséil, an 14 Nollaig 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE